## *WS07.01 Seichimh agus Sraitheanna a chur I bhfeidhm*

### *Tasc 1 Imscrúdú ar Ús Iolraithe*

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |

**1.** Má léiríonn gach bloc €10, scáthlínigh €100.

**2.** Ansin, le dath eile, cuir 20% leis an achar a scáthlíníodh ar dtús.

**3.** Ar deireadh, le dath eile fós, cuir leis 20% den achar scáthlínithe iomlán.

**4.** Céard é luach an dara hachar scáthlínithe? ____________________________

**5.** Céard é luach an tríú hachar scáthlínithe? ____________________________

**6.** Cén fáth nach ionann an dá luach ? ____________________________

**7.** Comhlánaigh an tábla seo a leanas agus imscrúdaigh na patrúin a léirítear.

| Laetha-nta (Am caite) | Suim | Méadaigh de % | Deachúil iomlán | Patrún/Suim iomlán airgid a gheibhtear gach lá |
|---|---|---|---|---|
| 0 | | 0 | | 100 |
| | €120.00 | 20% | 1.2 | $100 \times 1.2$ |
| | | | | $100 \times 1.2 \times$ |
| | | | | |
| | | | | |

**8.** An féidir leat bealach a aimsiú chun an luach do Lá 10 a fháil, gan an tábla a chomhlánú go Lá 10?

______________________________________________

______________________________________________

**9.** Ar do chlár bán graf am in aghaidh suime. An bhfuil an gaol líneach?

______________________________________________

### *Tasc 2 Iarmhéid Laghdaitheach*

Tá Dáithí agus Micheál le dul ar an turas scoile i mbliana. Tá €600 an duine á thógaint ar iasacht acu agus súil acu é a íoc ar ais laistigh de bhliain. Is é ráta úis a mbainc ná 1.5% go míosúil ar iasachtaí. Deir Dáithí, leis an bpost páirtaimseartha atá aige faoi láthair, go mbeidh ar a chumas €100 sa mhí a íoc ar feadh an chéad cheithre mhí ach nach cumas dó ach €60 sa mhí a íoc ina dhiaidh sin.
Deir Micheál nach mbeidh ar a chumas ach €60 sa mhí a íoc ar feadh an chéad cheithre mhí agus €100 sa mhí ina dhiaidh sin. Áiríonn Micheál go bhfuil an méid céanna á íoc acu araon ar an iasacht. Cén fáth?

______________________________________________

______________________________________________

**Nóta:** Tá an fhadhb tugtha thuas bunaithe ar na critéir a leanas:
- (a) Tógtar airgead ar iasacht
- (b) cuirtear ús leis tar éis míosa amháin
- (c) ansin íocann an duine a aisíoc míosúil.

Leanann an próiseas seo ar aghaidh go dtí go mbíonn an iasacht aisíoctha go hiomlán.

| | Dáithí | | | Micheál | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Am** | **Iomlán Míosúil** | **Ús** | **Íocaíocht** | **Iomlán Míosúil** | **Ús** | **Íocaíocht** |
| 0 | | | | | | |
| 1 | | | | | | |
| 2 | | | | | | |
| 3 | | | | | | |
| 4 | | | | | | |
| 5 | | | | | | |
| 6 | | | | | | |
| 7 | | | | | | |
| 8 | | | | | | |
| 9 | | | | | | |
| 10 | | | | | | |

**1.** Ag tús an tréimhse iasachta, cad tá i bpáirt ag Dáithí agus Micheál?

______________________________________________

**2.** Ríomh na hidirbhearta ag gach duine díobh don chéad trí mhí. (Cá mhéad, go hiomlán, a bhí aisíoctha ag gach duine díobh faoi cheann 3 mhí?) Dáithí __________ Micheál ___________.

**3.** Céard é an t-ús iomlán atá íoctha ag gach duine díobh? Dáithí __________ Micheál __________

**4.** Bunaithe ar do fhreagraí ar an gcéad trí cheist, cathain a mholfá go ndéanfaí na haisíocaíochtaí is airde agus cén fáth?

______________________________________________

**5.** An bhfuil barúil Mhichíl bailí go n-aisíocfaidh siad beirt an méid céanna i ndeireadh báire?

______________________________________________

**6.** Ar do chlár bán, breac an méid úis a chuirtear le cuntais Dháithí agus Mhichíl gach mí.

**7.** Bunaithe ar an ngraf, cé acu a íocfaidh an méid is mó úis ar fad?

______________________________________________

______________________________________________